

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T67
Ainm an Agalláí	Séamus Ó Fearraigh
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	10/10/2006
Suíomh an Agallaimh	Béal an Átha, An Fál Carrach
Ainm an Tras-scríbhneora	Gráinne Ní Eireamhóin
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

_____'

_____+'

....

[]

Tús bréige

Focal dothuigthe

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

Beirt ag caint ag an am amháin

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: So, ba, ba amach go tír mór, amach go Gort an Choirce, a chuirte na coirp, Jimeile?

SÉAMUS: *Oh* Gort an Choirce uilig. Agus in amannaí, bhuel chonaic mé féin coirp gabhte istigh sílim cúig lá ach sílimid an corp is faide a bhí gabhte istigh, naoi lá. Is chonaic mé coirp ansin nuair nach mbeifeá ábalta a dhul trasna, le Mach.., go Machaire Rabhartaigh le droch aimsir, bheifeá ábalta a dhul amach taobh thoir den Chlochán, go dtí trá Mhachaire Uí Rabhartaigh agus an corp a chur amach ansin. Agus thiocfadh carr, fear a thiocfadh anuas le carr agus beathach agus bhéarfadh sé an corp suas go Machaire Rabhartaigh. Agus d'iomprófaí, d'iomprófaí an corp ansin as Machaire Rabhartaigh go Gort an Choirce. Ar a *ngualannacha* (nguailí).

DÓNALL: Sin an nós a bhí ann.

SÉAMUS: Sea. Agus bheadh beirt i dtólamh ag siúl, ag siúl roimh an chorp. Mhothaigh mé ceann maith tá, b'fhéidir, fan go bhfeicfidh mé, *ah* sílim sé nó seacht bhliana. Fear a inse domh as Tiobraid Árann. Captaen arm, in arm na hÉireann a bhí sé an bhfuil a fhios agat? Ach fuair sé scéala go raibh fear muinteartha de marbh. Níl a fhios agam cé acu, t-am na trioblóide a bhí ann, cé acu *eh*...Níl a fhios

agam cad é, cad é chomh deas do an muintearas a bhí sé anois, leis a fhírinne a dhéanamh leat. Ach, ghlac sé traidhfil laetha dó, sular tháinig sé anuas fá choinne an tórraimh agus dúirt sé “Bhí sé ina cheann mhaith” a dúirt sé, “bhí mise i mo ch., i mo chaptaen, captaen inar arm na tíre” a dúirt sé. “Agus bhí captaen na *Provos*” a dúirt sé, “an bheirt againn ag siúl roimhe an chonair”. Agus bhí sé féin ina *Phrovo* go mór agus a bhí an fear a bhí eile. (Gáire). Agus bhí a fhios ag an fhear eile sin.

DÓNALL: Ba sin an dóigh a Jimeile. Ba sin an nós a bhí ann. D’iomrófaí na coirp nuair a bhí siad amuigh ar tír mór suas go dtí reilig Ghort an Choirce.

SÉAMUS: *Oh*, d’iomrófaí an t-iomlán.

DÓNALL: Sea.

SÉAMUS: An dóigh chéanna a raibh siad fad ó shin, aniar as Gaoth Dobhair is as Na Rosa. Ag iompar coirp, coirp aniar go...

DÓNALL: Tulacha Beiglíoch

SÉAMUS: Aniar go Tulacha Beiglíoch thuas ansin. Bhí sé ina rud iontach. Ní shílfeá, ní [ar ndóigh] bhí sagairt thiar. Shílfeá go, go smaoineodh siad reilig a dhéanamh thiar Gaoth Dobhair ná thiar sna Rosa nó áit ar bith.

DÓNALL: Nach sílfeá sin?

SÉAMUS: Caithfidh sé go raibh na hEaspaig go raibh, bhuel sé na hEaspaig a bhí ag reáchtáil an chreidimh san am, an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: Bhuel, tá mé ag smaoineamh rud eile Jimeile, ansin. Sular raibh teach pobal istigh agaibh, caithfidh sé gur, gur amach go Gort an Choirce a bhí sibh ag teacht fosta.

SÉAMUS: Amach go Gort an Choirce agus chaithfeas muid a theacht amach. Nuair a bheadh *stations* istigh. Sin an chéad rud a déarfadh sé nuair a bheadh an tAifreann thart. Go gcaithfeas muid a dhul amach go Gort an Choirce ag an Aifreann achan am a dtiocfadh linn a dhul. Cosúil le muintir Ghabhla go díreach agus Inis Meáin. Agus maidineacha a d'imeodh muidinne le siocán agus sneachta. An chuid a ba mhó den am, chaithfeá na bróga a bhaint díot agus na brístí a thriostáil suas go mbeifeá amuigh i Machaire Rabhartaigh. Fá choinne an bád a thabhairt suas fhad is atá, fá choinne í a bheith sábháilte. In amanna ansin i rith an tsamhraidh, shiúlas muid díreach anonn trasna an trá isteach faoi theach an phobail i nGort an Choirce. Ach an chuid is mó den am, chaithfeá siúl. Chaithfeadh.

DÓNALL: Agus tú i do throscaidh fosta.

SÉAMUS: Ó, i do throscaidh.

DÓNALL: Sea.

SÉAMUS: Sea agus i do throscaidh go dtiocfá ar ais. Cha bheifeá ag smaoineamh, bhí tú óg san am sin cha smaoineofá ar bhia. (Gáire). Rachadh muid, rachas muid isteach go dtí, gur Dia a ndéanfaidh mhaith uirthi, mar a déarthas siad anois, tá teach, an t-ainm a bheadh againne air i dtólamh, Teach Mhaggie Dan. In amanna rachas muid isteach agus gheobhas muid cupán tae is píosa aráin is im. Sin a raibh ann. Sé, anuas ansin ar ais. Níl a nDomhnach nach dtiocthas muid anuas sa tsamhradh cibé nach mbeadh damhsa i dteach inteacht i Machaire Rabhartaigh. Agus cha dtiocfadh linne a dhul theacht le teach ar bith agus an ceol ag gabháil istigh. Agus rachas muidinne isteach go háirithe dá rachadh muintir an oileán isteach, bhí rud ag obair go mbeadh sé dubh dorcha san oíche. Bheadh damhsa i dteach inteacht i Machaire Rabhartaigh achan am a bheadh muid amuigh.

SÉAMUS: Ba bheag ar mhuintir an oileáin s’againne ariamh an ghaoth a dhul soir. Nuair a rachadh an ghaoth soir, anoir aneas nó anoir, déarfadh, anoir, thiar anoir, mhothófá na fir ag rá “An mothaíonn tú boladh an arabhail”? Bhí muidinne olc, cha raibh, cha bheadh a fhios againn, cha bheadh a fhios againne a dhath ar bith, caidé rud a raibh siad ag caint air. Bhí siad ábalta an boladh an arabhail a fháil ag teacht aníos as Doire. Agus bhí a gcroí amuigh ar a mbéal roimhe seo, bhí a fhios acu go bhfuil fliú, bhí an fliú leis an...

DÓNALL: Cén bealach a bhí an ghaoth. A iompar.

SÉAMUS: A iompar. Agus súireáilte, thiocfadh an fliú. Ach ansin cha raibh an fliú ach ag fáil briseadh cuimhne, cha raibh sé chomh olc an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: *No.* Bhuel gheofá an bhuaigh air.

SÉAMUS: Ó, cha raibh trioblóid ar bith agat. B’fhéidir cúpla lá i do luí agus bhí an-tiomlán thart.

DÓNALL: Sea.

SÉAMUS: Ach bhí eagla orthu, rachadh eagla orthu i dtólamh nuair a rachadh an ghaoth soir, mhothófá iad ag caint air, mhothódh siadsan boladh an arabhail, ó, dhá lá agus bhí sé acu. *Oh*, bhí an fliú ag déanamh aníos orthu ansin. (Gáire).

DÓNALL: Éist. Tá, tá rud amháin ag cur rud eile i mo cheann ach comharthaí aimsire, a Jimeile. Bhí sibhse speisialta, bhí sibh beo ar dhroim na farraige. Chaithfeá fios do ghnoithe a bheith agat sula rachfá amach na farraige. Tá tú iontach eolach ar, ar na comharthaí aimsire, Jimeile.

SÉAMUS: Bhuel, bhí. Bhí go dtí gur dtáinig mé na tíre. Níl mé ábalta a dhath a dhéanamh den aimsir anois taobh amuigh den ghrian féin. Beidh a fhios agam ar an ghrian sula dtéann an earrach chun tosaigh. Beidh mé ag coimhead an ghrian agus

má fheicim dhá bhall roimh an ghrian. Tá seo mar, mar píosa de thuar cheatha ann. Má fheiceann tú aon cheann amháin, coimhead tú féin, níl maitheas ar bith ansin. Ach, má fheiceann tusa ceann amháin roimpi agus ceann eile thíos faoi, fá ghiota mhaith do, tá tusa istigh fá choinne samhradh maith. Go maith agus a thiocthadh leat a fháil. Agus, rinne mise dearmad i mbliana, bhí fear de chuid siar, Doire Chonaire ag cur ceist orm i dtólamh, an bhfuil a fhios agat, tá a fhios aigesan é féin cuid mhór ach bíonn sé ag cur ceist orm agus d'inis mise do fá dtaobh de seo. Ach casadh orm tá coicís ó shin é agus nó trí seachtaine agus bhí sé ag cur ceist orm caidé mo bharúil. "Á, bhuel, an dóigh, an dóigh a bhfuil sé a Owenie" a dúirt mé, "is doiligh déanamh amach fán am seo bhliain ná nuair a bhí mise ag fás aníos" a deirimse, "seo an t-am a bhfearr sa bhliain fá choinne aimsir, cha bheifeá ábalta an chreafóg a choinneáil thuas ar pholl na bpréataí, bheadh sí chomh tirim sin". Bhuel a dúirt sé liom, "nach bhfuil sé greannmhar an rud a bhí tú a inse domh tá cúpla bliain ó shin" a dúirt sé, "fá dtaobh den dá bhall a bheadh roimh an ghrian. D'inis mé do fhear é san am sin" a dúirt sé, "agus casadh lá domh é thuas ar an phortach i mbliana" a dúirt sé, "ag baint gráin móna agus chuir sé ceist orm, dúirt sé liom "An bhfaca tú an rud a bhí roimh an ghrian inné?" Chan fhaca a dúirt mé leis. "Bhuel" a dúirt sé, "chonaic mise. Agus an rud a bhí tú a inse domh" a dúirt sé, "bhí dhá bhall roimh an ghrian". "Bhuel", a dúirt mé leis "sin cuid tairngreacht fhear an oileáin agus tá muid istigh fá choinne tamall teas".

DÓNALL: Agus fuair...

SÉAMUS: Agus sin an t-am a thosaigh an teas.

DÓNALL: Sea.

SÉAMUS: *Aye.* Ach rinne mise dearmad, níl mórán cuimhne, tá tú amuigh anseo, níl tú ag smaineamh ar rudaí.

DÓNALL: No.

SÉAMUS: Chaithfeá fios a bheith agat air nuair a bhí tú istigh ar an oileán.

DÓNALL: Chaithfeá agus.

SÉAMUS: Bhí a fhios agat nuair a bhogfadh, bhogadh san fharraige aniar agus bhí aniar aduaidh níos measa ar ais. Bhí a fhios agat cad é a bhí ag gabháil a theacht as. Bhí a fhios agat cad é an bhrí a bhí leis an ghaoth ag gabháil a theacht amach as an chith seo. Níl a bhog a raibh istigh sa spéir nach raibh a fhios agat uilig. Agus bhí, bhí cuid de na mná go maith leis na fir.

DÓNALL: Déarfainn sin?

SÉAMUS: Bhí siad. Bhí. Bhuel bhí tú chomh cleachtaithe leis. Cha raibh raidió agus cha raibh aimsir a thabhairt amach agus cha raibh a fhios ag aon duine a dhath. Bhí siad sin níos fearr ná raidió ar bith ar an tsaol.

DÓNALL: Tá cuimhne agam tú ag taispeáint rotha. Lá gréine, rotha thart ar, ar an ghrian.

SÉAMUS: Ó, sea. Fáinne deas dithi, doineann ann i bhfad uait agus fáinne fairsing, doineann deas dúinn. Agus cha bheadh na laetha fada go mbeadh sé agat.

DÓNALL: Thug tú ainm uirthi an lá sin fosta.

SÉAMUS: Buailteog.

DÓNALL: Buailteog. Bhí sin speisialta maith, nach bhfuil?

SÉAMUS: Tá, ó gheobhaidh tú buailteog ar an ghealach fosta agus ára bhí oiread marcanna agat agus bhí mé ag inse duit i roimhe fá mhuintir Thoraigh, gur ndeachaigh siad go cé lá agus lucht scadáin leo ach bhí sé ag cur ualach orthu,

b'éigean daofa gearradh isteach an oileán. Lucht scadáin a fhágáil i Machaire Uí Rabhartaigh.

DÓNALL: Caidé a tháinig orthu?

SÉAMUS: Thosaigh, d'athraigh an aimsir.

DÓNALL: Sea. Agua b'éigean daofa téitheadh.

SÉAMUS: Agus b'éigean domh pilleadh, sin an deireadh a bhí ar na *lads* s'againne. Agus chuaigh fear acu suas ar an ché, fear an bháid, iníon de a bhí ag inse seo domsa anois. Tá sí beo go fóill, tá sí aosta. Agus bhí m'athair caithfidh sé, go ndéanfaidh Dia mhaith orthu, ina sheasamh ag ceann an ché. "A Dhonnchaidh" a dúirt m'athair leis, "tháinig sin tobann go maith". "Ó" a dúirt m'athair le Pádraig, "tháinig sé tobann" a dúirt sé, "ach", bhí sé ag amharc amach ar na cnoic, "ach tabhair leathuair agus trí cheathrú uaire eile", bhí an lá geal uilig, "thart fá leathuair" a dúirt sé, "cha bhíonn sé mórán thar an leathuair" a dúirt sé, "go mbeidh tusa ag déanamh ar Mhachaire Uí Rabhartiagh ar ais". D'imigh fear Thoraigh soir an tsráid an bhfuil a fhios agat, an chéad am, taobh istigh de leathuair, bhí sé ciúin.

Bhí a fhios aige ag amharc ar na cnoic amuigh anseo. Tá a fhios agat, na néalta a bhí os cionn na gcnoc.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

SÉAMUS: Bhí a fhios aige go dtiocfadh, c'áit a raibh gaoth ag gabháil a theacht as. Is iomaí uair a mhothaigh mise é a rá agus cha rachadh siad ag iascaireacht. Nuair a bheadh na néaltaí ró, ró-dheas de na cnoic nó bhí a fhios aige go raibh an gaoth ag gabháil a theacht. D'amharcódh na cnoic laetha, d'amharcódh sé cosúil le go díreach mar a bhí siad ag do thaobh.

DÓNALL: Sea, dá sínfeá do láimh.

SÉAMUS: Deas, deas duit. Bhuel sin tréan aimsir mhaith. Agus laetha eile, d’amharcófá amach agus shílfeá go raibh siad dúbáilte níos faide ar shiúl uait.

Bhfuil a fhios agat, tá sé doiligh a thuigbheáil *but* cha raibh sé doiligh a thuigbheáil nuair a bhí tú cleachtaithe leis.

DÓNALL: Tá.

SÉAMUS: Agus ba sin droch shamhradh a bhí romhat. Ó, bhí oiread comharthaí istigh againn agus nach raibh tús nó deireadh. D’imigh na rudaí sin as do cheann nuair a d’imigh tú. Bhí oiread comharthaí ar an aimsir, bhí me ag inse duit, an raibh fán, ó sin am m’athara ar ais, ag iascaireacht na mbradán. An fear a thug isteach an bád in áit a dhul ag iascaireacht. Chuir sé isteach píosa leá agus san am sin de shaol agus againn féin fosta, nach greannmhar gur ar lorg an deiridh a chuirfí na bádaí uilig le ancaire, cibé ciall a bhí acu leis. Tá a fhios agat, ar dheireadh an bháid?

DÓNALL: Sea. Caidé a níonn tusa de sin?

SÉAMUS: Bhí ciall inteacht acu leis, cé acu go raibh sé níos éadroime ar an ancaire, tá a fhios agat, cha raibh *chaintaí* ar bith ag gabháil san am sin ná rópaí uilig a bhí ag gabháil. Bhí rud inteacht fá dtaobh de cibé. Bhí sé bád déag ag iascaireacht as an oileán s’againne san am sin. Agus ceathrar an rud is lú ar achan bhád. Anois nach raibh cuid mhaith fir air?

DÓNALL: Nach raibh? Agus bhí sibh ag déanamh go maith an bhfuil a fhios agat?

SÉAMUS: Ó, bhuel, seo am m’athara an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: Sea.

SÉAMUS: Nuair a bhí na bádaí uilig ar shiúl, d'ímigh sé seo soir an cládach agus bhí a chuid fir féin ina seasamh thoir, triúr acu, cibé triúr a bhí leis. "Bhuel" a dúirt sé, "rachaidh muid amach go dtí an bád". Chuaigh siad amach go dtí an bád. "Anois" a dúirt sé, "tógáigí an t-ancaire". Cha raibh a fhios acusan caidé a bhí sé ag gabháil a dhéanamh. Thóg siad an t-ancaire. "Rachaimid isteach" a dúirt sé, "leathchéad slat eile". D'ímigh siadsan isteach. "Anois ligigí ar shiúl é". Lig siad ar shiúl an t-ancaire. "Tabharaigí thart an bád anois" a dúirt sé. Thart, thug siad thart an bád. Chuir siad tosach an bháid isteach sa chládaigh agus tharraing siad suas an punt nó cibé a bhí acu. "Anois" a dúirt sé, "go(aigí) na bhaile agus go(aigí) a luí am ar bith a bhfuil dúil agaibh ann. Níl muid ag gabháil anocht" a dúirt sé. I lár na hoíche, thosaigh an ghaoth mhór. Ó, bhí sé scáfar. Bhí sé ag séideadh an achan rud a raibh roimhe. Agus, d'fhiach le teacht an lae, d'fhiach an chuid is mó de na bádaí ach tuille atá ag gabháil soir an Clochán s'againne, tá a fhios agat nuair atá doineann ar a chúl, tá sé fianta. Tá sé mar a tuille na habhann ann. Tháinig triúr, bhris siad an sruth anoir, sin a dtáinig anoir agus chuaigh an chuid eile ar foscadh thíos ag taobh oileán Dúiche, deas de oileán Dúiche, cha raibh an bhogadh ar an tsaol istigh ansin. Ach aniar a bhí an ghaoth agus chaill siad cuid de na bádaí. Mo ghar-uncail, bhris sí an rópa agus d'ímigh sí an '_____' agus chan fhaca siad ariamh ní ba mhó í. Mhothóinn mo mháthair ag caint ar, bheadh sé ina sheasamh ansin agus é ag caoineadh.

DÓNALL: Dhéanfadh smionargaí di ansin.

SÉAMUS: Á, chaithfidh in éadán an chorr é. Agus sin a raibh acu le bheith beo. Bhí de Dhia agus beo ar shiúl

DÓNALL: Bhí do shlí beatha ar shiúl.

SÉAMUS: Bhí do shlí beatha ar shiúl agus gan tú ábalta ceann eile a fháil. Ach smaoinigh thusa ar rud a bhí i gceann an fhir sin, caidé rud a bhí seisean, caide rud a bhain sé amach as an spéir nuair a bhí a fhios aige sin.

DÓNALL: Bí geall go ndéanfa féin amach a Jimeile ar na scamail, dhéanfa amach.

SÉAMUS: Ó dhéanfainnse amach, dhéanfadh, bheadh a fhios, bhí a fhios againn, bhí agus muid óg.

DÓNALL: Sea.

SÉAMUS: Níl a bhogadh a bheadh sa spéir nach raibh a fhios againn uilig.
